



Roinnt ceisteanna tábhachtacha mar ullmhúchán do na Measúnuithe Rangbhunaithe i dTeicneolaíocht Fheidhmeach 2020/2021

Baineann an doiciméad seo leis an Measúnú Rangbhunaithe (MRB) i dTeicneolaíocht Fheidhmeach do 2020/2021, ach tugann sé aghaidh freisin ar roinnt ceisteanna tábhachtacha do MRBna i gcoitinne.

1. Cad iad na Measúnuithe Rangbhunaithe i Teicneolaíocht Fheidhmeach?

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Is iad seo na Measúnuithe Rangbhunaithe do Theicneolaíocht Fheidhmeach:

MRB 1: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú – tugtar faoi sa dara bliain le linn 3 seachtaine ar a mhéad.

MRB 2: Féin-anailís agus measúnú an scoláire – tugtar faoi sa tríú bliain le linn 3 seachtaine ar a mhéad

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 8

2. Cén uair a dhéantar Measúnuithe Rangbhunaithe i Teicneolaíocht Fheidhmeach?

Beartaíodh go dtabharfadh scoláirí faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe i dTeicneolaíocht Fheidhmeach i dtréimhse ama ar leith laistigh d'am teagmhála ranga, de réir amchlár náisiúnta, mar a chomhairligh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i bhféilire na scoile.

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 8

Is féidir teacht ar an amchlár do mheasúnuithe rangbhunaithe 2020/2021 [anseo](#)

3. An féidir le scoláirí oibriú le chéile i MRB1? (**Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú**)?

Is féidir le scoláirí comhoibriú le chéile, ach ní mór do gach scoláire píosa oibre aonair a chur i láthair.

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 8

4. An bhfuil formáid / leagan amach leagtha síos d'Nuair a bheidh an taighde agus anailís déanta, ba cheart don scoláire a chuid torthaí a cheangal le míniú ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an córas rialaithe atá roghnaithe aige. Is féidir leis an scoláire leas a bhaint as eolas atá ann cheana ar an gcóras rialaithe atá roghnaithe aige ach ba cheart dó tacú lena chuid idéanna leis an taighde atá déanta aige chun tuiscint bhreisithe a fháil ar na córais rialaithe atá roghnaithe aige. Ach a bheith ag gabháil dó ar an mbealach sin, ba cheart go mbeadh an scoláire ag léiriú tuisciana ar a thopaic féin agus ba cheart go mbeadh sé ag déanamh machnamh ar an bhfaisnéis ríthábhachtach a bheidh de dhíth chun a chuid torthaí a chur in iúl go cruinn.

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 9

Ba cheart go spreagfaí an scoláire an fhaisnéis a shainnithint lena gcuirtear a chuid oibre in iúl ar an mbealach is fearr agus an meán is oiriúnaí trína gcuirfear i láthair í a roghnú. *Junior Cycle Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 14*

5. An féidir le gach scoláire laistigh de ganga a tabhairt faoin ábhar céanna do MRB 1? Tugann na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe i dTeicneolaíocht Fheidhmeach le fios go ndéanann na scoláirí iniúchadh ar ábhair agus ar smaointe a bhfuil suim acu iontu agus gur cheart go spreagfaí iad chun naisc ábhartha a aithint idir foghlaim sa seomra ranga agus sa saol laethúil – ní mór do gach scoláire píosa oibre aonair a chur i láthair.

6. When should the Features of Quality be shared with students for CBA 1?

Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfeadh le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Page 11

Má úsáidtear cleachtas mheasúnaithe fhoirmiúla i rith thuras foghlama na scoláirí, tacóidh siad sin le scoláirí chun a dtuiscint a fhorbairt ar cháilíocht ina gcuid oibre agus cabhróidh siad lena dtuiscint ar na Gnéithe Cáilíochta nuair a bheidh an MRB á dhéanamh. Is fearr a chabhrófar leis an bhforbairt sin, má úsáidtear critéir ratha do mheasúnuithe leanúnacha

7. Cad iad na hoiriúintí a ba chóir a dhéanamh do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO)?

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanais speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 7

8. Ar chóir aiseolas ar MRB 1 a thabhairt do scoláirí?

Céim rithabhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfeadh an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. *Teicneolaíocht*

Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 19

9. Cá fhad a ba chóir ábhar MRB 1 a stóráil?

Nuair a bheas an AFMÁ críochnaithe, athbhreithniú déanta ar thuairiscíní sealadacha agus tuairiscíní deiridh bronnta orthu, tugtar an obair ar ais don scoláire agus ní gá í a stóráil.

10. An bhfuil aon solúbthacht ann maidir le huainiú na MRBanna mar gheall ar reatha i scoileanna?

D'fhoilsigh an CNCM doiciméad ina bhfuil faisnéis maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe don scoilbhliain 2020/2021. Is féidir teacht ar an doiciméad seo ach an cód MF a scanadh nó cliceáil air.



NÓTA: Is achoimre é an doiciméad seo ar roinnt nithe tábhachtacha san ullmhúchán do na Measúnuithe Rangbhunaithe. chun teacht ar na sonraí uile ar na Measúnuithe Rangbhunaithe moltar do mhúinteoirí breathnú ar na cáipéisí seo a leanas:

[Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe](#)